

Cód Iompair Éanair 2017

Ráiteas Tosaigh

Chuir foireann, daltaí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta (BB) Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh an Cód seo le chéile.

Réasúnacht:

Is gá Cód Iompair Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh a leasú mar gheall air: Gur réimse buartha aitheanta ag pobal na scoile é Go riachtanas reachtúil é faoin Acht Oideachais 2000, Roinn 23 (1). Go bhfuil Cod Iompair riachtanach chun atmasféar rialta chun foghlama a chothú sa scoil.

Gaol le hÉiteas sainiúil na scoile

Cuirimid mar aidhm romhainn go laethúil i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh atmasféar sona, síochánta a chothú. Trínár Ráiteas Físe cuirimid romhainn atmasféar a fhágann an deis ag gach dalta sa scoil a chumas nádúrtha a thabhairt chun lántairbhe. Tá súil againn go dtacóidh an Cód Iompair seo lenár n-iarrachtaí leanúnacha caidrimh dhearfacha agus luachanna na scoile a chothú. Tá súil againn chomh maith go bhfeidhmeoidh sé mar fhráma do dhea-iompair.

Aidhmeanna

Cur chuige scoil-uile atá i gceist ag Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh, chun deaiompara chothú. Clúdaíonn an Cód seo:

- Foireann
- Bord Bainistíochta
- Tuismitheoirí
- Daltaí

Tríd an gCód Iompair seo a chur i bhfeidhim cuirimid romhainn:

- A chinntiú go gcothaítear timpeallacht scoile atá ag teacht lenár Ráiteas Físe
- Ionad compórdach, sábháilte a chothú do phobal uile na scoile
- A chinntiú go gcuirtear na córais ionchais, molta agus cúitimh i bhfeidhm ar bhealach atá cothrom agus leanúnach

Abhar an Pholasáí

A. Caighdeán Iompair agus Stratéisí chun an iompair cuí a chur i bhfeidhim

- (1) Ar scoil i gCoitinne
- (2) Sa Seomra ranga
- (3) Sa chlós

- (4) Riail na Gaeilge
- (5) Freagrachtaí do Thuismitheoirí na scoile

B.-Stratéisí Scoile

A (1)Caighdeáin Iompair Scoile i gCoitinne

Is iad seo a leanas na caighdeáin iompair a lena bhfuilimid ag súil sa scoil s'againne:

- Go labhródh gach dalta Gaeilge i gcónaí de réir a chumais ach amháin i rith ceachtanna Béarla.
- Go léireodh na daltaí meas, cuirtéis agus dea-bhéasa dá chéile agus dhaoine fásta.
- Go n-inseodh gach dalta an fhírinne agus go mbeadh siad macánta lena chéile agus ina gcaidreamh leis an scoil.
- Go ndéanfadh gach dalta an rud a deir foireann na scoile leo.
- Go ndéanfadh gach dalta a dhícheall ar scoil i gcónaí, ag léiriú iompar freagrach agus neamhspléach.
- Go mbeadh gach dalta aireach i dtaobh fearas, troscán agus leithris na scoile.
- Go dtiocfadh gach dalta ar scoil go poncúil agus go rialta.
- Go nglacfadh gach dalta páirt in imeachtaí an lae scoile.
- Go gcaithfeadh gach dalta an éide scoile cuí gach lá agus ag imeachtaí scoile.
- Go mbeadh an obair bhaile déanta gach lá agus an dialann obair bhaile sínithe.
- Go gcloífeadh gach dalta leis an chairt ranga aontaithe.
- Go mbeadh tuáille beag pearsanta le gach páiste ar scoil gach lá.
- Bímid ag súil go leanfar le rialacha leagtha sa chód agus páistí ag taisteal isteach agus amach ón scoil.

Caighdeáin iompair do-ghlactha:

- Iompar a ghortaíonn daoine eile go fisiciúil nó go mothúalach, m.sh. bualadh, ciapadh, leithcheal, bagairt, imeaglú, ainmneacha a ghlaoch....
- Iompar a chuireann isteach ar theagasc nó ar fhoghlaim, m.sh. siúl thart, síorchaint, cur amú ama
- Damáiste do shealús
- Goid

Freagairt do shárú chaighdeáin iompair scoile i gcoitinne

- Labhairt leis an páiste
- Nóta abhaile i gcásanna leanúnacha

A (2) Caighdeáin Iompar sa Seomra Ranga

Tá sé de cheart ag gach páiste taitneamh a bhaint as an lá ar scoil agus caithfear bheith ag féachaint chuige sin sa seomra ranga. Chuige sin, déanfaidh oidí ranga Ranganna 1-6 cairt ranga a dhréachtadh leis na daltaí i dtéarmaí agus i dteanga atá oiriúnach don rangleibhéal. Tacóidh an chairt ranga leis na hionchais scoil-uile. Cuirfear na caighdeáin i dtéarmaí deimhnitheacha chomh fada agus is féidir. Cuirfear na caighdeáin i bhfeidhm ar bhealach chothrom leanúnach, ag tógáil difríochtaí indibhidiúla san áireamh. Is ó bhéil nó i bhfoirm pictiúrtha a fhoilseofar cairt ranga na Naíonán.

Déanfaidh gach oide ranga na caighdeáin iompair scoil uile, an chairt ranga, caighdeáin iompair sa chlós a mhíniú do dhaltaí abhfuil riachtanais speisialta orthu ar bhealach gur féidir leo iad a thuiscint.

Cuideoidh Oidí Riachtanais Speisialta leis na h-oidí ranga sa ghnó seo. Rachfar i dteangbháil leis na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir má eascraíonn deacrachtaí iompair sa rang. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an tuismitheoir/caomhnóir tacaíocht don mhúinteoir ranga deacrachtaí iompair a réiteach..

Caighdeáin iompair do-ghlactha:

- Iompar a ghortaíonn daoine eile go fisiciúil nó go mothúalach- m.sh bualadh, ciapadh, leithcheal, bagairt, imeaglú, ainmneacha a ghlaoch.
- Iompar a chuireann isteach ar theagasc nó ar fhoghlaim m.sh siúl thart, síorchaint, cur amú ama
- Damáiste do shealús
- Goid
- I gcás go léiríonn páiste dímheas ar údarás na scoile, ó bhéal nó le geastsaíocht cuirfear díreach chuig an príomhoide é/í, déanfar teagmháil le tuismitheoir an dalta agus cuirfear ar piónós cuí ar an bpáiste.

Straitéisí chun caighdeáin iompair an tseomra ranga a chur i bhfeidhm:

- Léireoidh daoine fásta i bpobal na scoile na caighdeáin iompair mar eiseamláir do na daltaí
- Cairt Ranga (Ranganna 1-6) aontaithe idir na daltaí agus an t-oide ranga
- Curaclam OSPS, Teagasc Críostaí, Clár Bí Sábhailte, Misneach
- Pointí ranga agus Pas obair bhaile
- Nótaí dearfacha a sheoladh abhaile ag aithint iompar dearfach
- Am órga, duaiseanna, gradaim, teastais bronnta ar bhealach cothrom agus leanúnach
- Am spraoi breise, am spóirt breise
- Obair breise le déanamh mar obair bhaile
- Pribhiléidí a thógáil ar ais
- Scarúint sealadach óna phiaraí nó seal a chatiheamh i seomra ranga eile ar an leibhéal céanna nó leibhéal níos airde más féidir.

Freagairt do shárú chaighdeáin iompair sa seomra ranga

- Labhairt leis an páiste
- Nóta abhaile i gcásanna leanúnacha

A (3) Caighdeáin Iompar sa chlós

Sa chlós bíonn scata mór páistí le chéile i spás beag. Mar sin caithfear tús áite a thabhairt don sábháilteacht. Tá sé de cheart ag gach dalta am spraoi taitneamhach sábháilte a bheith aige/aici.

Mar sin, bímid ag súil :

- Go siúlfaidh gach rang i líne shingil go ciúin socair go dtí an chlós agus fanfaidh siad sa líne, go teacht an mhúinteora atá i bhfeighil/go dtí go dtugtar cead súgradh dóibh.
- Go bhfanfaidh gach dalta sa chlós cuí.
- Go n-imreoidh gach dalta ar bhealach sábháilte, cineálta .i. nach mbeidh

sé/sí ag rith go tapa nó ag imirt ar bhealach garbh.

- Go leanfaidh gach páiste le treoir an Oide maidir le húsáid liathróidí agus téid scipeála scoile..
- Go leanfaidh gach dalta treoracha na múinteoirí ar dhualgas aire chlóis.
- Go leanfaidh gach dalta an nós imeachta ar bhualadh clog 1,2,3.

Caighdeáin iompair do-ghlactha:

- Aon iompair garbh.
- Iomarscáil agus glacaíocht ag leibhéal ar bith

Straitéisí chun caighdeáin iompair sa chlós a chur i bhfeidhm:

- Am súgraithe breise
- Moladh/Bronnadh a dhéanamh ar an bpáiste

Freagairt do shárú chaighdeáin iompair an chlóis:

- Labhairt leis an dalta agus rabhadh am amuigh
- Am amuigh
- Taifead i leabhair an chlóis – má tá 3 shárú ann taobh istigh de cheithre sheachtain cuirfear nóta abhaile.
- Ba chóir don oide ar dualgas aire clóis an t-oide ranga a chur ar an eolas i gcónaí faoi shárú chaighdeáin iompair an chlóis.

A(4) Riail na Gaeilge

Le timpeallacht agus atmasféar Gaeilge a chruthú agus a chothú sa scoil ní mór Riail na Gaeilge a chur i bhfeidhm sa scoil, .i. go labhartar Gaeilge i gcónaí i Scoil Uí Dhálaigh. Bristear Riail na Gaeilge nuair a labhrann páiste Béarla ina fhrásaí agus ina abairtí. Cuirtear aois agus cumas an pháiste san áireamh agus an riail á chur i bhfeidhm.

Nuair a bhristear Riail na Gaeilge:

1. Iarrtar ar an bpáiste a mhíniú cén fáth ar bhris sé/sí an Riail. Mínítear Riail na Gaeilge don pháiste arís agus iarrtar ar an leanbh iarracht níos fearr a dhéanamh agus "Na cúiseanna gur chóir Gaeilge a labhairt ar scoil" a scríobh amach mar seo a leanas:

Nóta 1: Cúiseanna le scríobh amach uair amháin sa bhaile

Nóta 2 : Cúiseanna le scríobh amach 2 uair sa bhaile+ fanacht isteach ón gclós lá amháin.

Nóta 3: Cúiseanna le scríobh amach 3 huair sa bhaile + fanacht isteach ó gclós ar feadh dhá lá+ cruinniú ag an bPríomhoide, múinteoir ranga agus tuismitheoir/caomhnóir

Nóta 4: Cúiseanna le scríobh amach 4 huair sa bhaile + fionnraí lae inmheanach

Nóta 5:Obair scríofa roghnaithe ag an múinteoir+ fionnraí inmheanach ar feadh dhá lá

Nóta 6 :Obair scríofa roghnaithe ag an múinteoir+ fionnraí inmheanach ar feadh trí lá

A (5) Freagrachtaí do Tuismitheoirí na Scoile Is é cúram na dtuismitheoirí a chinntiú.....

- Go n-úsáideannsiad an Ghaeilge atá acu i gcónaí agus iad ar shuíomh na scoile.
- Go mbíonn a bpáiste/bpáistí ar scoil in am gach lá – ar an gclós ag 8.50 . Má tá an páiste déanach tabharfaidh an tuismitheoir é/í/iad chuig an oifig le síniú isteach.
- Go dtéann siad chuig oifig na scoile i gcónaí má tá gnó scoile ar bith acu. Ar bhonn Chumhdach Leanaí de ní cheadaítear d’aon tuismitheoir bheith san fhoirgneamh gan dul tríd an oifig.
- Go mbailítear na páistí in am.
- Go bhfreastalaíonn siad ar chruinnithe Tuismitheoirí /Múinteoirí leis an oide ranga.
- Go bhfuil eolas cruinn agus suas chun dáta ar fhoirm éigeandála na scoile.
- Go gcuireann siad an scoil ar an eolas maidir le riachtanais ar leith, nó sonraí leighis an pháiste.
- Go gcabhraíonn siad lena bpáiste/í aon bhuairt maidir le hiompar páistí eile a thuirisciú don mhúinteoir.
- Go gcabhraíonn siad lena bpáiste/í rialacha na scoile a thuiscint agus a choinneáil.
- Go mbíonn lón sláintiúil ag a bpáiste/í go laethúil. Cinnteoidh an tuismitheoir **bia gan chnónna** a chur i lón an bpáiste .
- Go mbíonn an obair bhaile déanta go barrchumais an phaiste agus an dialann sínithe go laethúil.
- Go ndéanfaidh siad coinne tríd an oifig chun labhairt leis an múinteoir ranga. Ní mór do tuismitheoirí aon bhuairt a phlé leis an oide ranga sula ndéantar coinne leis an bpríomhoide.
- Go míneoidh siad aon as láithreach i scríbhinn nó tríd é a chlárú tríd AladdinConnect.
- Go gcuirfidh siad an scoil ar an eolas i scríbhinn má tá a bpáiste/í ag fágáil na scoile luath agus cé a bhaileoidh an páiste . Cinnteoidh an tuismitheoir go síneofar an páiste amach .
- Nach ndáileann siad cuirí cóisirí ar pháistí ar shuíomh na scoile.
- **Nach gceartaíonn siad páiste eile ar scoil Ba chóir aon bhuairt a thuirisciú don oide scoile nó don príomhoide**
- A bheith cúirtéiseach agus foighneach ina gcuid teagmhálacha uile le gach ball de chomhphobal na scoile

Cumarsáid idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí

Bainfear leas as réimse forleathan de mhodhanna teagmhála idir oidí agus tuismitheoirí. Bainfear leas as modhanna foirmiúla – nótaí , r-phoist, teachtaireachtaí tríd AladdinConnect, glaonna fóin, agus cruinnithe. D’fhéadfaí leas a bhaint as modh neamhfhoirmiúil freisin ach go háirithe sna bunranganna chun mion-ábhar a phlé i bhfoirm “focal ciúin”

B - Straitéisí chun dul i ngleic le sárú na gCaighdeán Iompair

Is cás leis an mBord cearta aonair gach uile páiste sa scoil agus is cás leis an mBord cearta na bpáistí i gcoitinne agus dá réir sin ní féidir leis an mBord ligint do chearta aonair éinne faoi leith teacht salach ar chearta tromlach na bpáistí i gcoitinne.

Chun timpeallacht éifeachtach scoile a chruthú moltar na céimeanna idirghabhála seo a leanas:

B (1) Mionsárú rialach

B (2) Plean ceartúcháin baile agus scoile

B (3) Fionraí (Mínithe in Aguisín A)

B (4) Díbirt (Mínithe in guisín B)

D'fhéadfach gur chúis é eachtra troimchúiseach aonair le Clár Ceartúcháin Baile-Scoile, Fionraí nó Díbirt a chur i bhfeidhim.

B (1) Mionsárú Rialach

I gcás mionsárú rialach, fágfar an cúram faoin múinteoir ranga. Is é/í an múinteoir ranga atá freagrach as an rang áirithe sin a chinnfidh cé acu beag nó mór an cúram. Má bhíonn páiste mírialta go leanúnach cuirfidh an múinteoir nóta abhaile le síniú ag an tuismitheoir. Beifear ag súil go síneoidh an tuismitheoir/caomhnóir an cóip den nóta an tráthnóna céanna le go dtabharfaí le fios go bhfuarthas an teachtaireacht

B (2) Plean ceartúcháin baile-scoile

Má fhaigheann aon pháiste trí nóta idirghabhála, cuirfear fios ar na tuismitheoirí agus pléifear "Plean ceartúcháin baile agus scoile" leo. Iarrfar an plean ceartúcháin baile a chur i bhfeidhm agus teangbháil rialta (a bheidh socraithe) a dhéanamh leis an scoil le dul chun cinn an phleain a bhreithniú. D'fhéadfaí pribhléidí ar nós Turais Scoile, Cuirteanna, -Drámaí srl a bhaint den dalta má leanann sé/sí leis an mhírialtacht i ndiaidh rabhaidh ó bhéil an mhúinteora go mbainfear pribhléidí den dalta.

Má éiríonn leis an bplean ceartúcháin thuas cuirtear nóta aitheantais abhaile á chur sin in iúl don tuismitheoirí/caomhnóirí.

B (3) Fionraí

Má theipeann ar phlean ceartúcháin cuirtear faoi bhráid an Bhoird é agus bíonn cruinniú idir an Cathaoirleach, an Príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí ag plé na ceiste agus ag cur an páiste ar fionraí más gá. (Féach Aguisín A)

B (4) Díbirt

Nósanna imeachta i ndáil le díbirt

Is é an Bord Bainistíochta an foras cinnteoireachta maidir le díbirtí.

Má theipeann ar B (3) Fionraí cuirtear faoi bhráid an Bhoird é agus bíonn cruinniú idir an Cathaoirleach, an Príomhoide agus na tuismitheoirí/caomhnóirí ag plé na ceiste agus ag cur an páiste ar díbirt. Féach Aguisín B)

Rólanna agus Freagracht

Tá freagracht ar fhoireann uile na scoile, ar dhaltaí, ar thuismitheoirí, ar an mBord Bainistíochta orthu maidir le gnéithe áirithe den pholasaí.

Dáta Chur i bhFeidhm

Cuirfear na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ar an 09/01/2017

Clár-ama Athbhreithnithe

Déanfar an polasaí a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá i rith na scoilbliana 2019/20.

Daingniú agus Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 12/12/2016.

Fógraíodh do bhail phobal na scoile go bhfuil an polasaí ar fáil ó oifig na scoile agus ar

www.scoiluidhalaigh.ie

Síniú:

Natasha Preastúin

Cathaoirleach

Ainm an Pháiste: _____ Dáta: _____

Uimhir an Nóta: _____

A Thuismitheoir, A Chara,

Bhí iompar do pháiste míshásúil maidir le (*Your child's behaviour was unsatisfactory in relation to:*

- Labhairt na Gaeilge** (*speaking Irish*)
- Iompar sa rang / scoil** (*Behaviour in class/school*)
- Iompar sa chlós** (*Behaviour in yard*)
- Iarracht ranga** (*Class effort*)
- Léiriú measa ar fhoireann na scoile** (*Respect for school staff*)
- Léiriú measa ar chomh-dhaltaí** (*Respect for other pupils*)
- Léiriú measa ar shealús/ar threalamh scoile** (*respect for school property*)
- Obair bhaile** (*homework*)
- Déanach ag teacht ar scoil** (*late arriving for school*)
- Gan éide scoile ceart air/uirthi** (*without correct school uniform*)
- Eile** (*Other*)

Tuairisc an Mhúinteora:

Síniú an Mhúinteora:

Síniú an Tuismitheora (*Parent's Signature*)

Sínigh agus seol ar ais láithreach le do thoil (*Please sign and return immediately*)

Aguisín A- Fionraí

Nósanna imeachta i ndáil le fionraí

Éilítear ar Scoil Uí Dhálaigh de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra nuair atá sé beartaithe acu dalta a chur ar fionraí. Nuair a dhearbhaíonn réamhmheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, leanfar leis na nósanna imeachta seo a leanas:

- an dalta agus a t(h)uismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán
- an deis a thabhairt do thuismitheoirí agus don dalta freagra a thabhairt.

Má theipeann ar thuismitheoirí /caomhnóirí freastal ar chruinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Ba chóir don scoil taifead a choinneáil de na cuirí a seoladh chuig na thuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

Fionraí láithreach

I gcás go mbreithníonn an Príomhoide gur chóir dalta a chur ar fionraí láithreach, ar mhaithe le sábháilteacht an dhalta, na foirne nó daoine eile, beidh imscrúdú le reáchtáil chun cás a bhunú a thacódh leis an bhfionraí. Beidh feidhm láithreach ag gach coinníoll a ghabhann le fionraí. I gcás fionraí a ghearrfaí láithreach, ní foláir thuismitheoirí a chur ar an eolas, agus socruithe a dhéanamh leo go mbaileofaí an mac léinn.

Tréimhse na fionraí

Ní cuirfear an dalta ar fionraí ar feadh tréimhse níos níos faide ná trí lá, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an Príomhoide den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná trí lá de dhíth chun cuspóir áirithe a bhaint amach. Má bhíonn fionraí níos faide ná trí lá á meas, cuirtear faoi bhráid an Bhoird é chun breithniú agus faomhadh a dhéanamh air.

Féadfaidh gur mhaith leis an mBord Bainistíochta, ámh, an Príomhoide a údarú, le ceadú Chathaoirleach an Bhoird, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le cúig lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionól go tráthúil, faoi réir na treorach a bhaineann lena leithéid d'fhionraí. Déanfaidh an Bord

athbhreithniú foirmiúil ar mholadh ar bith chun dalta a chur ar fionraí, i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá as láthair sa scoilbhliain reatha. Tá fionraí mar seo faoi réir achomhairc faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*.

Achomhairc

Ba chóir don Bhord Bainistíochta deis a thabhairt achomharc a dhéanamh ar chinneadh Príomhoide dalta a chur ar fionraí. I gcás cinntí a dhéanann an Bord Bainistíochta dalta a chur ar fionraí féadfaidh an Pátrún próiseas achomhairc a sholáthar.

Achomharc Alt 29

Nuair a bhíonn dalta curtha ar fionraí ag scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh iomlán na fionraí ar an dalta sin go 20 lá scoile sa scoilbhliain reatha, is féidir leis na tuismitheoirí cur isteach ar achomharc faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*,

arna leasú ag an *Acht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007*.

Ag an am a mbíonn fionraí á cur in iúl do na tuismitheoirí, inseofear dóibh faoina gceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* agus tabharfar eolas dóibh ar an dóigh chun achomharc a dhéanamh.

An fhionraí a chur i ngníomh

Seolfaidh an Príomhoide fógra i scríbhinn do na tuismitheoirí maidir leis an gcinneadh an dalta a chur ar fionraí. Beidh na nithe seo a leanas sa litir:

- tréimhse na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
- fáthanna na fionraí
- clár staidéir ar bith le leanúint
- socruithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an dalta agus na tuismitheoirí a thabhairt (mar shampla d'fhéadfaí iarraidh ar na tuismitheoirí athdhearbhú a dhéanamh ar a dtiomantas don chód iompair)
- foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
- ceart achomhairc d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (*an tAcht Oideachais, 1998, alt 29*).

Teagmháil le daltaí agus tuismitheoirí

I gcás go gcinntear dalta a chur ar fionraí, is féidir uasleas a bhaint as an deis ach cruinniú a bheith ann idir an Príomhoide nó ball foirne eile agus na tuismitheoirí agus béim a leagan ar a bhfreagracht cuidiú leis an dalta iad féin a iompar go maith ar fhilleadh chun na scoile dóibh agus treoir a thairiscint dóibh maidir leis seo. I gcás go ndiúltaíonn na tuismitheoirí bualadh leis an bPríomhoide, beidh an fógra scríofa ina fhógra go bhfuil fionraí á ghearradh.

Forais chun deireadh a chur le fionraí

Is féidir deireadh a chur le fionraí má chinneann an Bord Bainistíochta an fhionraí a bhaint ar aon chúis nó má threoraíonn Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta don scoil an fhionraí a bhaint faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*.

I ndiaidh na fionraí

Cuirfear deireadh le fionraí ar an dáta a luadh i litir fhoirmiúil fógra do na tuismitheoirí faoin bhfionraí.

An dalta a ath-imeascadh

Beidh plean ag an scoil le cuidiú leis an dalta ath-imeascadh ina rang, agus chun teacht suas le hobair scoile a chaill sé/sí. Cuideoidh an plean seo a chinntiú nach gcuirfidh fionraí leis an teip acadúil. Caithfear tacaíocht a thabhairt don dalta freagracht a ghlacadh as teacht suas leis an obair acadúil. Ní obair acadúil amháin atá i gceist leis an ath-imeascadh.

Scláta glan

Nuair a chuirtear deireadh le smachtbhanna ar bith, agus fionraí san áireamh, beidh deis ag an dalta tosú as an nua. Cé go gcaithfear taifead a choinneáil ar an iompar agus ar smachtbhanna ar bith a cuireadh i bhfeidhm, a luaithe is a chuirtear deireadh leis an smachtbhanna, beidh na hionchais chéanna ag an scoil maidir leis an dalta seo agus atá aici maidir le gach dalta eile i dtaca le hiompar.

Taifid agus tuairiscí

Taifid imscrúdaithe agus cinnteoireachta

Coinneáilfear taifid fhoirmiúla/scríofa ar:

- an imscrúdú (agus nótaí ar gach agallamh)
- an bpróiseas cinnteoireachta
- an gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh
- fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí.

Tuairisc don Bhord Bainistíochta:

Tabharfaidh an Príomhoide tuairisc ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta.

Tuairisc don BNLO Tá sé de cheangal ar an bPríomhoide fionraithe a thuairisciú de réir threoirlínte tuairiscithe an BNLO (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt21(4)(a)*).

Athbhreithniú ar úsáid fionraí

Déanfaidh an Bhord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid fionraí sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin a scrúdú chun gnéithe a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar iompar sa scoil agus a chinntiú go bhfuil úsáid fionraí comhréireach agus éifeachtach.

Aguisín B- Díbirt

Éilítear ar an scoil de réir dlí cloí le gnáthaimh chóra arna leagan síos faoin *Acht Oideachais (Leas), 2000*, nuair atá sé beartaithe dalta a dhíbirt ón scoil. I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhféadfaí mac léinn a dhíbirt de bharr a n-iompair, d'áireodh na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

1. Imscrúdú sonrath faoi stiúir an Phríomhoide.
2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide, agus éisteacht a reáchtáil.
4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta.
5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais.
6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Céim 1. Imscrúdú sonrath faoi stiúir an Phríomhoide

Agus imscrúdú á dhéanamh ar líomhain, de réir gnáthamh cóir, leanfaidh an Príomhoide na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

- an dalta agus na tuismitheoirí a chur ar an eolas i scríbhinn faoin mhíiompar líomhnaithe, agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air sin
- gach deis a thabhairt do na tuismitheoirí agus don dalta freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

Má theipeann ar dhalta agus a dtuismitheoirí freastal ar chruinniú, scríobhfaidh an Phríomhoide chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus, má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údaráis na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diúltach. Coinneáilfidh an scoil taifead de na cuirí a seoladh chuig na tuismitheoirí agus na freagraí a fuarthas uathu.

Céim 2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta

I gcás go bhfuil an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an imscrúdú ar an

mí-iompar líomhnaithe, go bhfuil díbirt tuillte ag an dalta, cuirfidh an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta díbirt a bhreithniú. D'áireodh na céimeanna gnásúla iad seo a leanas:

Ba chóir don Phríomhoide:

- Cuirfidh an Príomhoide in iúl do na tuismitheoirí agus don dhalta go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú
- Déanfaidh an Príomhoide cinnte go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí agus ag an Bord: ar na líomhaintí in aghaidh an dhalta; agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú
- cuirfidh an Príomhoide na tuismitheoirí ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheidh á reáchtáil ag an mBord Bainistíochta agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin
- cuirfidh an Príomhoide comhairle ar na tuismitheoirí gur féidir leo aighneachtaí scríofa agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta
- Déanfaidh an Príomhoide cinnte gur tugadh dóthain fógra do na tuismitheoirí ionas go bhféadfaidís ullmhú don éisteacht.

Céim 3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide: agus éisteacht a reáchtáil

Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar an doiciméadú go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Déanfaidh an Bord cinnte nach bhfuil aon duine a raibh aon pháirt aige/aici sa chás mar chuid de bhreithniúcháin an

Bhoird (mar shampla, ball den Bhord a bheadh tar éis rud a líomhain in aghaidh mic léinn). I gcás go gcinneann Bord Bainistíochta mac léinn a dhíbirt, beidh éisteacht le reáchtáil.

Ag an éisteacht, cuireann an Príomhoide agus na tuismitheoirí a gcás os comhair an Bhoird i láthair a chéile. Beidh deis ag gach páirtí a gcás a dhéanamh agus beidh cead acu fianaise an pháirtí eile a cheistiú. Agus an éisteacht á reáchtáil, beidh an Bord cúramach a chinntiú go bhfuil siad neamhchlaonta, amhail idir an Príomhoide agus an dalta.

Tar éis don Bhord an dá thaobh den scéal a chlos ba chóir dó a chinntiú nach bhfuil an Príomhoide agus na tuismitheoirí i láthair i rith bhreithniúcháin an Bhoird.

Céim 4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta

Tar éis don Bhord clos ó na páirtithe uile, tá sé mar fhreagracht ar an mBord a chinneadh cibé acu an bhfuil bunús leis an líomhain agus, má tá, cibé acu an cóir an mac léinn a dhíbirt nó nach cóir. I gcás go bhfuil fíricí uile an cháis breithnithe ag an mBord Bainistíochta, agus go bhfuil an Bord den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt ní foláir don Bhord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa ideachais i scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis an tuairim seo (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*). Ba chóir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbirt. Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO an fógra i scríbhinn (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*).

Éireoidh le hachomharc in aghaidh díbeartha, go huathoibríoch faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* más féidir a léiriú nár cuireadh an tOifigeach Leasa Oideachais ar an eolas de réir alt 24(1) nó nach bhfuil fiche lá caite ón dáta a fuair an tOifigeach Leasa Oideachais fógra go dtí cur i ngníomh na

díbeartha (*An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007, a4A*).

Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina thátail agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbirt ba chóir go ndéarfaí leis na thuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais.

Céim 5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais

Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachais fógra ó Bhord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu dalta a dhíbirt, ní foláir don Oifigeach Leasa Oideachais:

- gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairliúcháin aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, leis na thuismitheoirí agus leis an dalta, agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt
- cruinniú a thionól leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 24*), chun cinntiú go ndéantar socrúithe le go leanfadh an dalta lena n-oideachas. D'fhéadfadh comhaontú a bheith mar thoradh ar na comhairliúcháin seo maidir le hidirghabháil mhalartach a sheachnódh díbirt. I gcás nach bhfuil sé de rogha leanúint ar aghaidh sa scoil, ámh, sa ghearrthéarma ar aon chuma, ba chóir don chomhairliúchán díriú ar fhéidearthachtaí oideachais eile. Ar mhaithe le leas oideachais an dhalta, ba chóir dóibh siúd atá páirteach sa chás teacht le chéile leis an Oifigeach Leasa Oideachais agus pleanáil le haghaidh todhchaí oideachais an dhalta.

Go dtí go gcríochnófar na comhairliúcháin seo faoi leanúnachas an dhaltaí san oideachas, féadfaidh an Bord Bainistíochta céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go gcoinnítear smacht agus go gcinntítear sábháilteacht na daltaí (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a45(5)*). Féadfaidh an Bord a bheith den tuairim go bhfuil sé oiriúnach an dalta a chur ar fionraí ag an am seo. Ní cóir fionraí a bhreithniú ach amháin más dócha go gcuirfeadh sé isteach go mór ar fhoghlaim na daltaí eile dá bhfanfadh an dalta seo sa scoil, nó go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht na dlataí eile nó na foirne.

Céim 6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachais fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt (d'fhéadfaí an tasc seo a tharmligean ar an gCathaoirleach nó ar an bPríomhoide). Ba chóir na thuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt. Ba chóir insint do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh ar a bhféadfaidís a n-achomharc a thaisceadh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh mac léinn a dhíbirt.

Achomhairc

Is féidir le thuismitheoir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh díbeartha d'Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, (faoin *Acht Oideachais, 1998, alt 29*).

Is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais ar son dalta.

An próiseas achomhairc

Tosaíonn an próiseas faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* le hidirghabháil á soláthar ag idirghabhálaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Scíleanna). Le tuilleadh eolais a fháil faoin bPróiseas Achomhairc, agus riachtanais le haghaidh doiciméadúcháin agus na céimeanna sa phróiseas, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Scíleanna.

Athbhreithniú ar úsáid díbeartha

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar úsáid díbeartha sa scoil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile, go ndéanfar pátrúin úsáide a scrúdú chun gnéithe a shainaitheint a d'fhéadfadh a bheith ag imirt tionchair ar iompar sa scoil agus a chinntiú go n-úsáidtear díbirt go hiomchuí.